# Leamhcán go Lár na Cathrach

## 6

Croíbhealach Bus
Rogha Bealaigh



Project Ireland 2040
Building Ireland's Future

BUS CONNECTS
MORE PEOPLE, TO MORE PLACES, MORE OFTEN.



# Clár an Ábhair

| | | |
|---|---|---|
| **1. Réamhrá** | | **1** |
| 1.1 | Cad a tharla go dtí seo? | 1 |
| 1.2 | Cad é BusConnects? | 1 |
| 1.3 | Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an tionscadal seo? | 3 |
| 1.4 | Tuiscint a fháil ar an téarmaíocht | 5 |
| 1.5 | Léarscáil de na 16 chonair bus lárnach | 6 |
| **2. Cur Síos ar an Rogha Bealaigh** | | **7** |
| 2.1 | Achoimre | 7 |
| 2.2 | Acomhal 3 an N4 go hAcomhal an M50 (Acomhal 7) – Bóthar Leamhcáin an N4 | 8 |
| 2.3 | Acomhal an M50 (Acomhal 7) go Bóthar Choinn Colbaird – Seachbhóthar Shéipéal Iosóid | 9 |
| 2.4 | Bóthar Choinn Colbaird go Droichead Phroinsias Uí Shearbháin – Bóthar Eoin Thiar | 10 |
| 2.5 | Athruithe Ábhartha ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar atá Foilsithe | 11 |
| 2.6 | Príomhfhíricí | 11 |
| **3. Conas páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí** | | **13** |
| 3.1 | Ceisteanna ginearálta | 13 |
| 3.2 | Conas páirt a ghlacadh | 13 |
| 3.3 | Cad a tharlóidh ina dhiadh sin? | 13 |
| **4. Aguisíní** | | **15** |
| 4.1 | Treoir-léarscáil | 16 |
| 4.2 | Léarscáileanna Bealaigh | 19 |

# 1. Réamhrá

## 1.1 Cad a tharla go dtí seo?

Idir Samhain 2018 agus Bealtaine 2019, thug an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) faoin gcéad bhabhta den chomhairliúchán poiblí ar mholtaí tosaigh do na Bealaí is Dealraithí a Roghnófar don sé Chonair Bus Lárnacha déag ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC). Le linn na céime comhairliúcháin seo, fuarthas trí chéad déag aighneacht ar an iomlán. Tá Tuarascáil ar Aighneachtaí Comhairliúcháin le haghaidh gach conaire ar fáil le féachaint uirthi agus lena híoslódáil ar ár suíomh gréasáin, www.busconnects.ie.

Rinneadh athbhreithniú agus plé ar gach aighneacht mar chuid den ullmhúchán deartha don Rogha Bealaigh le haghaidh gach conaire. Rinneamar leasú ar ár moltaí tosaigh chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna a cuireadh in iúl in aighneachtaí, lena n-áirítear moltaí ó dhaoine áitiúla, ghrúpaí pobail agus pháirtithe leasmhara. Anois táimid ag foilsiú na Roghanna Bealaigh do na sé cinn déag de Chonairí Bus Lárnacha agus ag cur túis leis an dara babhta den chomhairliúchán poiblí.

Is doiciméad amháin é seo i sraith de sé dhoiciméad déag, agus gach ceann acu tiomnaithe do phríomhchonair bus ar leith.


Soláthraíonn an doiciméad cur síos scríofa ar an Rogha Bealaigh ó thús go deireadh, agus léirscáileanna tacaíochta in éineacht leis sin, chomh maith le heolas faoi aon leasú a rinneadh, má rinneadh ceann ar bith, ar an mbealach is dealraithí a roghnófar.

Tá na bróisiúir bhunaidh inar ndearnadh cur síos ar na Bealaí is Dealraithí a Roghnófar ar fáil le breathnú orthu agus le híoslódáil ar ár suíomh gréasáin, www.busconnects.ie. Tá eolas sna bróisiúir sin faoin bpróiseas maidir le húinéirí réadmhaoine a mbeidh tionchar orthu, faoi na sceidil tionscadail agus faoi na céimeanna atá ag teastáil don iarratas pleanála reachtúil.


## 1.2 Cad é BusConnects?

Is é BusConnects clár de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus. Is cuid lárnach de bheartais an Rialtais chun feabhas a chur ar iompar poiblí agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide i mBaile Átha Cliath agus cathracha eile é BusConnects. Tá sé san áireamh sna straitéisí beartais seo a leanas de chuid an Rialtais:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2018- 2027;
- Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 - 2035; agus
- An Plean Gníomhaíochta um an Athrú Aeráide 2019.








Tá Baile Átha Cliath ag fás agus tá gá aici le líonra bus a oibríonn do chathair atá ag forbairt. Tá sé mar aidhm ag BusConnects córas feabhsaithe bus a sholáthar atá níos fearr don chathair, dá daoine agus don chomhshaol. Tá BusConnects deartha le seirbhís bus atá níos fearr, níos iontaofa agus níos éifeachtaí a sholáthar do gach duine.

# BusConnects: Spléachadh ar na fíricí

**230km** de chonairí bus nua a dhéanfaidh turais níos tapa agus níos iontaofa

**200km** de raonta rothar nua

Aistriú i dtreo
**fhlít nua busanna le leibhéal íseal astaíochtaí**

**Córas ticéad**
den chineál is úire

**Córas Íocaíochta gan airgead tirim**

**Struchtúr táille níos simplí**


**Suíomhanna nua Páirceála agus Taistil**
in áiteanna tábhachtacha

**Libhré busanna nua**
a chur ar fáil i stíl choitianta thar na hoibreoirí ar fad

**Stadanna agus foscadáin bus nua**
le comharthaíocht agus eolas níos fearr

**Athdhearadh an líonra bus i gceantar Bhaile Átha Cliath**
a chruthóidh líonra níos éifeachtaí ina mbeidh dromlaigh ardmhinicíochta, cuarbhealaí nua agus níos mó seirbhísí bus nua

## 1.3 Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an tionscadal seo?




### Am turais a shábhálfar -

sábhálfaidh an tionscadal seo 40-50% ar amanna turais ar na conairí. Féadfaidh lánaí bus tiomnaithe agus raonta rothar méadú suntasach a dhéanamh ar luas agus iontaofacht taistil ar bhusanna.



### Cathair inbhuanaithe a thógáil agus dul i ngleic leis an athrú aeráide -

Is tosaíocht d’Éirinn é aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an athraithe aeráide agus is príomhghné den réiteach atá aici daoine a spreagadh chun an córas iompar phoiblí a úsáid.



### Inrochtaineacht do gach duine -

Níos mó foscadán bus, ina bhfuil suíocháin más féidir, cosáin nua agus eolas níos fearr ag stadanna bus; mar sin, beidh sé níos éasca orainn go léir, daoine scothaosta agus daoine a bhfuil mallachar gluaiseachta orthu san áireamh, úsáid a bhaint as an bhflít bus atá go hiomlán inrochtana.



### Áiseanna rothar níos fearr –

Mar chuid den tionscadal seo, cuirfear ar fáil áiseanna rothar a bhfuil géarghá leo ar fud réigiún na cathrach agus beidh os cionn 200 km d’áiseanna ardchaighdeáin rothar curtha ar fáil.



### Coisithe agus Réimsí Uirbeacha -

Cuirfear feabhas ar chosáin, ar shiúlbhealaí agus ar thrasrianta coisithe ar feadh gach bealaigh. Cuirfear maoiniú agus infheistíocht ar fáil do lárionaid uirbeacha áitiúla agus soláthrófar thírdhreachú agus taithneamhachtaí allamuigh breise.

## 1.4 Tuiscint a fháil ar an téarmaíocht

### 1. Conair Bus Lárnach (CBL):

Mar chuid den Chlár BusConnects, cruthófar 16 chonair bus lárnach (CBL) gathacha. Is éard is CBL ann ná bóthar atá ann cheana féin ar a dtugtar tús áite do bhusanna ionas gur féidir le busanna oibriú ar bhealach éifeachtúil, iontaofa agus poncúil. Den chuid is mó, is éard atá i gceist leis sin ná lánaí bus lánfhada tiomnaithe ar an dá thaobh den bhóthar ó thús go deireadh gach conaire, nó bearta eile chun a chinntiú nach gcuirtear moill ar bhusanna mar gheall ar ghnáthbhrú tráchta. Beidh na lánaí bus taobh le lánaí/raonta rothar scartha, más féidir, agus trácht ginearálta.

### 2. Raonta Rothar Scartha:

Is píosa ar leith den bhóthar é raon rothar scartha atá le húsáid ag rothair amháin. De ghnáth, baintear úsáid as colbha fisiciúil chun an spás seo a scaradh ó thrácht feithiclí. Murar féidir raonta rothar scartha a chur ar bun mar gheall ar spás, cuirfear bóithre ciúine agus rothaíocht roinnte ar bhóithre le luas laghdaithe ar fáil mar rogha do rothaithe.

### 3. An Bealach is Dealraithí a Roghnófar:

D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair pleananna achoimre do gach ceann de na 16 chonair bus lárnach (CBL) i bpróiseas comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil in 2018/2019. Tugadh Bealaí is Dealraithí a Roghnófar ar na roghanna sin, agus i gcásanna áirithe bhí níos mó ná fo-rogha amháin, chun eolas a chur ar fáil don phobal maidir leis an leagan amach is dócha a bheidh ar an mbóthar agus an bonneagar CBL riachtanach i bhfeidhm. Áiríodh leo sin na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar ghairdíní tosaigh agus na hathruithe is dócha a dhéanfar ar conas a fheidhmíonn an trácht chun éascaíocht a dhéanamh ar thús áite a thabhairt do bhusanna.

### 4. An Rogha Bealaigh Is Fearr Linn:

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na haighneachtaí poiblí faoi na 16 Bhealach is Dealraithí a Roghnófar, tá athbhreithniú agus leasú déanta ar na moltaí maidir leis na conairí bus lárnacha. Tá siad á gcur i láthair anois mar an Rogha Bealaigh Is Fearr Linn agus tá siad faoi réir dhara babhta den chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil. Ní moltaí deiridh iad mar tá siad faoi réir plé bhreise tar éis an dara babhta den chomhairliúchán poiblí agus, ina dhiaidh sin, tá siad faoi réir scrúdaithe i gcomhthéacs an mheasúnacht tionchair timpeallachta.

### 5. Geata Bus




Is éard is Geata Bus ann ná píosa gearr de lána bus aonair ar a bhfuil cuaillí eolais. Níl cead ach ag busanna, tacsaithe agus rothaithe amháin, chomh maith le feithiclí éigeandála, úsáid a bhaint as an bpíosa gearr sin den bhóthar. Déanann sé éascaíocht ar thús áite do bhusanna trí thréthrácht ginearálta a bhaint ar an mbóthar ar a bhfuil an geata bus lonnaithe. Tabharfaidh comharthaí treoir don trácht ginearálta dul ar mhalairt slí chuig bóithre eile sula mbainfidh siad an geata bus amach.

## 6. Tosaíocht faoi Rialú Soilse Tráchta (TRST):

Le Tosaíocht faoi rialú Soilse Tráchta, baintear úsáid as soilse tráchta chun cur ar chumas busanna tús áite a fháil roimh thrácht eile ar phíosaí den bhóthar ar a bhfuil lánaí singile ach ní bhíonn sé sin éifeachtach ach ar feadh achar gearr. De ghnáth, úsáidtear iad áit nach féidir leanúint ar aghaidh leis an lána bus mar gheall ar bhacainní ar an mbóthar. Mar shampla, áit a bhfuil caolais bhóthair ann mar gheall ar fhoirgnimh nó struchtúir atá ann nach féidir iad a leagan chun an bóthar a leathnú ar mhaithe le lána bus. Oibríonn sé trí mheán rialuithe soilse tráchta (ag acomhail, de ghnáth) áit nach mór don lána bus agus don lána tráchta ghinearálta teacht le chéile agus an bóthar a roinnt ar feadh achar gearr go dtí go dtosaíonn an lána bus arís níos déanaí. Cuirfear stop leis an trácht ginearálta ag an acomhal chun ligean don bhus dul tríd an bpíosa cúng ar dtús, agus tar éis don bhus dul tríd an bpíosa sin ligfear don trácht ginearálta leanúint ar aghaidh.

## 7. Trasrian Túcánach:

Is trasrian bóthair é trasrian túcánach atá deartha chun cur ar chumas coisithe agus rothaithe an bóthar a thrasnú de réir soilse rialaithe atá deartha go sainiúil.

## 8. Úsáid Sráideanna Ciúine:

Murar féidir le leithead na conaire bus lárnaí (CBL) éascaíocht a dhéanamh ar rothaithe gan cur isteach go mór ar thosaíocht do bhusanna, déantar scrúdú ar rianta rothar eile amach ón mbealach bus CBL ar feadh achar gearr.I measc na roghanna as líne sin, d'fhéadfadh go dtreorófaí rothaithe chuig sráideanna ar a bhfuil líon an-bheag de thrácht ginearálta taobh amuigh d'úsáideoirí cairr a chónaíonn ar an tsráid. Tugtar Sráideanna Ciúine orthu mar gheall ar an líon beag de thrácht ginearálta a bhíonn orthu, agus meastar gur cuí go roinnfeadh rothaithe an bóthar leis an trácht ginearálta gan aon ghá raonta rothar scartha a thógáil ná lánaí rothar péinteáilte a chur ann. Má úsáidtear Sráideanna Ciúine, cuirfear comharthaí comhairleacha ar fáil d'úsáideoirí ginearálta bóthair agus rothaithe araon.

## 9. Réimse Uirbeach:

Déanann Réimse Uirbeach tagairt do spásanna sráide a úsáideann daoine gach lá chun bóithre a thrasnú, siopadóireacht a dhéanamh, bualadh le chéile le daoine, chun a bheith ag spraoi, agus le haghaidh gníomhaíochtaí cosúil le siúl, aclaíocht agus ag dul ag obair nó ag teacht abhaile ón obair. Clúdaíonn an Réimse Uirbeach gach sráid, cearnóg, acomhal, agus ceart bealaigh, cibé acu an úsáidtear iad chun críocha cónaithe, tráchtála nó sibhialta. Má tá sé deartha go maith agus leagtha amach go cúramach i suíomh an phobail, cuireann sé feabhas ar shaol laethúil na gcónaitheoirí agus na ndaoine a théann tríd an áit. De ghnáth, baineann sé le gach cuid den timpeallacht thógtha atá faoin aer a bhfuil saorchead isteach ag an bpobal ina leith. Áirítear leis suíocháin, crainn, plandáil agus gnéithe eile a chuireann feabhas ar an spás ar mhaithe le cách.

**Tosaíocht faoi Rialú Soilse Tráchta (TRST):**



1. 1. Téann trácht ar aghaidh de réir mar is gnách.

2. 2.Mar a thagann an bus i dtreo na soilse, athraíonn an solas tráchta chun stop a chur leis an trácht ginearálta.

3. 3.Tá cead bealaigh ag an mbus chun dul ar aghaidh.

4. Tar éis don bhus dul tríd an acomhal, téann an trácht ginearálta ar aghaidh.

## 1.5 Léarscáil de na 16 chonair bus lárnach go léir

### Roghanna Bealaí

1. Cluain Ghrífín go Lár na Cathrach
2. Sord go Lár na Cathrach
3. Baile Munna go Lár na Cathrach
4. Fionnghlas go Baile Phib
5. Baile Bhlainséir go dtí An Lár
6. Leamhcán go Lár na Cathrach
7. Gleann na Life go Lár na Cathrach
8. Cluain Dolcáin go Droimeanach
9. Na Glaschnoic go Lár na Cathrach
10. Tamhlacht go Tír an Iúir
11. Camaigh go Lár na Cathrach
12. Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach
13. Bré go Lár na Cathrach
14. UCD Droichead na Dothra go Lár na Cathrach
15. An Charraig Dhubh go Muirfin
16. An Rinn go Lár na Cathrach



# 2. Cur Síos ar an Rogha Bealaigh

## 2.1 Achoimre

Cuirfear tús leis an gConair Bus Lárnach (CBL) ó Leamhcán go Lár na Cathrach ag Acomhal 3 ar an N4 agus seolfar tríd an N4 í chomh fada le hAcomhal 7 (M50), agus tríd an R148 feadh Sheachbhóthar Shéipéal Iosóid, Bhóthar Choinn Colbaird, Bhóthar Eoin Thiar agus Dhroichead Phroinsias Uí Shearbháin, áit a nascfaidh sí leis an gcóras bainistíochta tráchta atá i réim ar na Céanna Thuaidh.

Tabharfar tosaíocht do bhusanna ar feadh an bhealaigh ar fad, go príomha le lánaí tiomnaithe bus sa dá threo, agus moltar bearta malartacha ag áiteanna atá róchúng. Cuirfear áiseanna rothaíochta ar fáil feadh na conaire idir Acomhal 3 agus sráidbhaile Shéipéal Iosóid, áit a nascfaidh siad le bealaí rothar eile atá beartaithe amach anseo. Cuirfear áiseanna rothaíochta ar fáil freisin idir Bóthar Choinn Colbaird agus deireadh na conaire ag stáisiún Heuston.

Sna hailt seo a leanas, déanfar cur síos mionsonraithe ar gach píosa den CBL agus luafar na príomhleasuithe dearaidh atá curtha san áireamh sa dearadh ó foilsíodh an Bealach is Dealraithí a Roghnófar i mí na Samhna 2018.

## 2.2 Acomhal 3 an N4 go hAcomhal an M50 (Acomhal 7) – Bóthar Leamhcáin an N4

Moltar tús a chur leis an CBL seo ag Acomhal 3 ar Bhóthar Leamhcáin an N4. Choinnigh an Bealach is Dealraithí a Roghnófar socrú na lánaí mar atá faoi láthair ar Dhroichead Bhóthar Bhaile Eoghain thar an N4. Moltar anois lánaí rothar sa dá threo a chur isteach in ionad an lána do thrácht ag casadh ar dheis go dtí an sliosbhóthar go dtí an N4 siar. Beidh cead fós ag trácht casadh ar dheis go dtí an sliosbhóthar go dtí an N4 soir, áfach.

Ag acomhal Bhóthar Bhaile Eoghain le Bóthar Leamhcáin, tá an leagan amach atá léirithe sa Bhealach is Dealraithí a Roghnófar athraithe chun na lánaí do thrácht ag casadh ar chlé a bhaint. Ina theannta sin, coinnítear suíomh an stad bus atá ann faoi láthair ar Bhóthar Leamhcáin. Mar gheall air sin, níl gá ann a thuilleadh le talamh a thógáil ó Eastát Phlásóg Bhaile na Coille.

Ar an N4, moltar an lána bus i dtreo na cathrach atá ann cheana a choinneáil. Feadh fhad iomlán an phíosa sin den CBL, moltar raon scartha rothar dhá threo a chur isteach ar an taobh thuaidh den N4. Is athrú é sin ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar inar coinníodh den chuid is mó na lánaí rothar aontreo atá ann cheana sa dá threo. I gcóngaracht Chumann Gailf Eirmeatáiste, beidh gá le talamh a thógáil chun spás a dhéanamh don raon rothar sin a nascfaidh leis an droichead coise/rothar atá ann cheana thar an N4 in aice le hEastát Chnocán Aindriú.

Soir ón áit sin, leanfaidh an raon rothar dhá threo ar an taobh thuaidh den N4 agus beidh gá le tógáil talún bhreise ó thailte Chlinic Eirmeatáiste. Rachaidh an raon rothar dhá threo feadh an tsliosbhóthair amach soir ag Acomhal 2 ansin. Uaidh sin, rachaidh an raon scartha rothar dhá threo feadh an taoibh theas de Sheanbhóthar Leamhcáin sula nascfaidh sé leis an droichead coise/rothar a théann trasna an M50. Déanfar Seanbhóthar Leamhcáin níos cúinge agus cuirfear moilliú tráchta i bhfeidhm. Tá méideanna táscacha na tógála talún a bhaineann leis na moltaí a bhfuil cur síos déanta orthu thuas léirithe sna líníochtaí in Aguisín an bhróisiúir seo.

Ar an taobh theas den N4, cuirfear Limistéar Tosaíochta do Choisithe ar fáil idir an droichead coise/rothar atá ann cheana trasna an N4 in aice le hEastát Chnocán Aindriú agus Lána Bhaile Eoghain. Uaidh sin, moltar raon rothar ciúin a chur feadh Bhóthar Eirmeatáiste go Bóthar Bhaile Eoghain. Má chuirfear raon rothar scartha dhá threo feadh an taoibh thuaidh den N4, ní bheidh gá le raon scartha rothar aontreo ar an taobh theas den N4 agus feadh an tsliosbhóthair amach siar ag Acomhal 3. Mar gheall air sin, níl gá ann a thuilleadh le tógáil talún feadh an chuid is mó de theorainn theas an N4 idir Acomhal 3 agus Acomhal 2.

I gcomparáid leis an mBealach is Dealraithí a Roghnófar, tá feabhas mór ag baint leis na moltaí is déanaí maidir leis an soláthar stadanna bus i limistéar Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life. Bogfar na stadanna bus féin 150m siar, déanfar iad níos faide agus beidh siad scartha amach ó charrbhealach an N4 in aice láimhe. Chun freastal ar acmhainneacht mhéadaithe na stadanna bus, bainfear an droichead coise/rothar atá ann faoi láthair agus cuirfear droichead nua den chineál céanna in

aice le suímh na stadanna nua bus, 200m siar ón droichead atá ann anois. Beidh suíomh an droichid nua sin ailínithe leis an bpointe cómhalartaithe iompair phoiblí molta taobh istigh d'Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life.

Mar gheall ar athlonnú na stadanna bus, beidh bealach fíodóireachta níos faide ann le haghaidh trácht soir a bheidh ag teacht i dtreo acomhal an M50 agus le haghaidh trácht siar a bheidh ag teacht as acomhal an M50.

Ag acomhal an M50, moltar an lána bus agus dhá lána tráchta ghinearálta sa dá threo tríd an acomhal a choinneáil de réir an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar. Treorófar rothaithe trasna an droichead coise/rothar atá ann faoi láthair trasna an M50 go Seanbhóthar Leamhcáin.

## 2.3 Acomhal an M50 (Acomhal 7) go Bóthar Choinn Colbaird – Seachbhóthar Shéipéal Iosóid

Idir Acomhal an M50 agus Acomhal Bhóthar Kennelsfort, moltar lána bus amháin agus dhá lána tráchta ghinearálta i dtreo na cathrach a choinneáil, chomh maith le lána tráchta ghinearálta amháin do thréthrácht & lána bus ar an mbealach amach ón gcathair, de réir na moltaí maidir leis an mBealach is Dealraithí a Roghnófar.

Moltar raon scartha rothar dhá threo a chur feadh an taoibh thuaidh de Sheanbhóthar Leamhcáin idir an droichead coise/rothar trasna an M50 agus sráidbhaile Phámar. Is athrú é sin ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar. Uaidh sin, rachaidh an raon rothar molta feadh an taoibh thoir de Bhóthar Kennelsfort Íochtarach agus ar aghaidh trasna Sheachbhóthar Bhaile Phámar an R148 trí Thrasrian Túcánach nua ar an taobh thoir den acomhal. Nascfaidh sé ansin le Trasrian Túcánach nua ar Bhóthar Kennelsfort Uachtarach.

Ar an gcarrbhealach siar den R148, siar ó Bhóthar Kennelsfort, coinneofar dhá lána do thrácht ginearálta faoi shocrú leasaithe na lánaí, socrú atá ina athrú ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar inar moladh trácht ginearálta a shrianadh do lána aonair amháin.

Ag acomhal faoi rialú soilse tráchta an R148 le Seanbhóthar Leamhcáin/an tUbhchruth, cuirfear lána nua siar ar fáil ar an R148 do bhusanna amháin a bheidh ag casadh ar dheis chun seirbhísí bus a fhreastalaíonn ar Shráidbhaile Phámar a éascú. Beidh gá le píosa breise talún a thógáil ó imeall thiar an stáisiúin peitril ag an áit sin chun spás a dhéanamh don ghluaiseachta nua bus sin nach raibh mar chuid den Bhealach is Dealraithí a Roghnófar. Ina theannta sin, cuirfear stadanna nua bus ar Sheanbhóthar Leamhcáin chun freastal ar Lána an Mhuilinn/Ospidéal an Stíobhardaigh.

Idir Acomhal Bhóthar Kennelsfort agus Acomhal Bhóthar Choinn Colbaird, moltar lána bus amháin agus dhá lána tráchta ghinearálta a choinneáil sa dá threo, de réir an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar. Coinneofar an lána bus agus na comharthaí iompair phoiblí atá ann cheana ar an sliosbhóthar go Bóthar na Coille Móire an R112. Mhol an Bealach is Dealraithí a Roghnófar trasrian nua comhréidh faoi rialú soilse tráchta a chur trasna Sheachbhóthar Shéipéal Iosóid an R148, a fhreastalódh ar na stadanna nua bus ar an droichead trasna Bhóthar Chnoc Shéipéal Iosóid. Sna moltaí is déanaí, moltar socrú leasaithe le rampa rochtana agus céimeanna, rud a chiallaíonn nach mbeidh gá le trasrian trasna an R148 toisc go mbainfear úsáid as íosbhealach Bhóthar Chnoc Shéipéal Iosóid atá ann cheana. Ina theannta sin, laghdófar luasteorainn na lánaí bus feadh fhad iomlán sheachbhóthar Shéipéal Iosóid ó 60km/u go dtí 80 km/u.

## 2.4 Bóthar Choinn Colbaird go Droichead Phroinsias Uí Shearbháin – Bóthar Eoin Thiar

De réir an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar, idir acomhal Bhóthar Choinn Cholbaird agus acomhal an Chuarbhóthair Theas, coinneofar lánaí leanúnacha bus, dhá lána do thrácht ginearálta agus raonta rothar scartha faoi mar atá siad leagtha amach anois. Sa Bhealach is Dealraithí a Roghnófar, níor athraíodh an chaoi a ngluaiseann an trácht faoi láthair ag an acomhal idir Bóthar Choinn Colbaird agus Bóthar an Chuimhneacháin. Sna moltaí leasaithe, moltar lána do thrácht soir ag casadh ar dheis ag an acomhal sin chun na hathruithe ar Bhóthar an Chuimhneacháin de réir CBL Ghleann na Life a éascú. Mar gheall ar an lána breise sin do thrácht ag casadh, bogfar an trasrian coisithe atá ann faoi láthair go dtí an taobh thoir den acomhal.

Ag acomhal an Chuarbhóthair Theas, cuirtear isteach lána gearr ó thuaidh ar an gCuarbhóthar Theas do thrácht ag casadh ar dheis chun na srianta ar chasadh atá mar chuid de CBL Ghleann na Life a chúiteamh.

Idir acomhal an Chuarbhóthair Theas agus an t-acomhal isteach go Forbairt Cheantar Theas Heuston, coinneofar lánaí leanúnacha bus agus dhá lána do thrácht ginearálta faoi mar atá siad leagtha amach anois, de réir an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar. Idir acomhal Fhorbairt Cheantar Theas Heuston agus Droichead Phroinsias Uí Shearbháin, moltar lána bus agus lána aonair amháin do thrácht ginearálta sa dá threo, de réir mar an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar freisin. Feadh Bhóthar Eoin Thiar, beidh gá le tuilleadh crann a bhaint agus crainn eile a chur ina n-áit ionas gur féidir áiseanna do thacsaithe agus do rothaithe a chur ar fáil ar na bealaí isteach go Stáisiún Heuston. Moltar feabhas a chur ar an Réimse Uirbeach ó thaobh n tírdhreachaithe de feadh an phíosa sin den bhóthar chomh fada leis an stáisiún traenach. Chun é sin a bhaint amach, bainfear an ráille cosanta do choisithe agus cuirfear crainn nua ionas go mbeidh glanmhéadú ar an méid crann atá ann feadh an bhóthair.



## 2.5 Príomhathruithe ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar a Foilsíodh

- Moltar raon scartha rothar dhá threo ó Bhóthar Leamhcán ag Woodies taobh istigh de theorainn Chumann Gailf Eirmeatáiste. Rachaidh an raon rothar sin feadh Sheanbhóthar Leamhcáin i mBaile Phámar, áit a nascfaidh sé le háiseanna rothaíochta atá ann faoi láthair i dtreo Shéipéal Iosóid, rud a chuirfidh feabhas ar an ngréasán rothaíochta.
- Ag Bóthar an Chuimhneacháin, moltar lána soir do thrácht ag casadh ar dheis chun go n-éascófaí gluaiseachtaí an tráchta atá faoi thionchar na mbeart leasaithe bainistíochta tráchta a bhaineann le CBL Ghleann na Life in Inse Chór
- Déanfar na stadanna bus atá ann faoi láthair ag Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life a bhogadh siar 200m agus beidh siad scartha níos fearr ón gcarrbhealach atá ann cheana féin agus cuirfear droichead nua trasna an N4 a nascfaidh leis an bpointe cómhalartaithe bus molta taobh istigh d'Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life. Leis sin, cuirfear áiseanna de chaighdeán níos fearr ar fáil do choisithe agus, ina theannta sin, beidh bealach fíodóireachta níos faide ann do bhusanna chun go dtiocfaidh siad trí acomhal an M50 ar bhealach níos sábháilte.
- Ag acomhal an Chuarbhóthair Theas, cuirfear isteach lána ó thuaidh do thrácht ag casadh ar dheis chun gur féidir le feithiclí casadh ar dheis ón gCuarbhóthar Thuaidh go Bóthar Eoin Thiar.
- Feadh Bhóthar Eoin Thiar, beidh gá le tuilleadh crann a bhaint agus crainn eile a chur ina n-áit ionas gur féidir áiseanna do thacsaithe agus rothaithe a chur ar fáil ar na bealaí isteach go dtí an stáisiún traenach.

## 2.6 Príomhfhíricí

| | |
|---|---|
| Garlíon na réadmhaoine a bhféadfadh tionchar a bheith orthu | **15** |
| Garlíon na spásanna ainmnithe páirceála sráide a d'fhéadfaí a chailleadh: | **53** |
| Garlíon na gcrann ar thaobh an bhóthair a d'fhéadfaí a bhaint: | **509*** |
| Fad measta an bhealaigh: | **10kms** |
| Fad measta an rotharbhealaigh nua: | **7kms** |
| Fad turais bus faoi láthair: | **up to 50 mins** |
| Fad turais BusConnects: | **30-35 mins** |
| Fad turais bus sa todhchaí gan BusConnects: | **60 mins +** |



# 3. Conas páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí

Cuireann an bróisiúr seo sonraí ar fáil maidir leis an Rogha Bealaigh don chonair bus lárnach seo. Tá na moltaí seo faoi réir dara babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil, chomh maith le haon mhionleasú deartha agus measúnacht tionchair timpeallachta a d'fhéadfadh tarlú ina dhiaidh sin, sula gcuireann an tÚdarás Náisiúnta Iompair iarratas foirmiúil reachtúil isteach chuig an mBord Pleanála lena cheadú.

## 3.1 Ceisteanna ginearálta

Tá rannán tiomnaithe ar shuíomh gréasáin an tionscadail www.busconnects.ie ina bhfuil eolas faoi Thionscadail na gConairí Bus Lárnacha. Tá gach ceann de na bróisiúir roimhe seo maidir leis na bealaí is dealraithí a roghnófar ar fáil ar an suíomh gréasáin.Féadfaidh úsáideoirí dul ar an suíomh chun tuilleadh a fhoghlaim faoin tionscadal agus cóipeanna de na príomhdhoiciméid a íoslódáil.

Is féidir ceisteanna ginearálta a dhíriú chuig líne fóin thiomnaithe Uimhir Shaorghlao - **1800 303 653** nó a chur ar ríomhphost chuig **cbc@busconnects.ie**

## 3.2 Conas páirt a ghlacadh

We are inviting submissions in relation to the Preferred Route Options set out in this document. The closing date for submissions is stated on the website.

Written submissions and observations may be made by:

cbc@busconnects.ie

Core Bus Corridor Project
Údarás Náisúnta Iompair,
Dún Scéine,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

## 3.3 Cad a tharlóidh ina dhiadh sin?

Tar éis an dara babhta den chomhairliúchán poiblí, cuirfidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair na Roghanna don Bhealach is Dealraithí a Roghnófar i gcrích le haghaidh gach ceann de na sé chonair déag. Críochnófar na dearaí scéime agus cuirfear na measúnachtaí tionchair iompair agus timpeallachta i gcrích. Sa deireadh, ullmhófar Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) don scéim in éineacht le sonraí faoin talamh a bheidh le fáil. Cuirfear isteach chuig an mBord Pleanála é sin le linn R4 2020 lena bhreithniú agus le cinneadh a dhéanamh faoi. Tabharfar faoi phróiseas comhairliúcháin fhoirmiúil reachtúil mar chuid den phróiseas sin.




# 4. Aguisíní


Treoir-léarscáileanna
Léarscáileanna bealaigh

# Index Map







NOTE: The Preferred Route shown on the following drawings is indicative only and is subject to change following consultation and as part of the design development process.



PHOENIX PARK
SÉIPÉAL IOSÓID
BAILE FORMAID
WAR MEMORIAL PARK
DROICHEAD NA DOTHRA
NA SAOI
ST. JAMES'S HOSPITAL
17
18
19
20
21
22
23
24
25
26
27
28
29
30
31
32
Lucan Road
Chapelizod Road
Chapelizod Bypass
Con Colbert Road
Inchicore
Kilmainham
Emmet Road
Bulfin Road
S Circular Rd
James's Street
Bow Ln W
Cunningham Rd
Infirmary Rd
N Circular Road
Prussia Street
Blackhorse Avenue
Chesterfield Avenue
Circular
Decies Road
Drumfin Road
Clifden Road
Kylemore Road
St Vincent
Galtymore Road
Keeper Road
Herberton Rd
Mourne Road
R109


## MAP 1: Preferred Route






© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.






LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved. Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
N
APPROXIMATE AREA OF EXISTING TREES
PROPOSED GATE ARRANGEMENT TO BE CONFIRMED
ENTRY LAYOUT TO BE REVISED SUBJECT TO CONSULTATION WITH THE OCCUPIERS/ LANDOWNERS
ROAD TO BE TAKEN IN CHARGE
N4
SPLITTER ISLAND DIVERTED FROM THIS POINT
Car Park
ROAD WIDENING REQUIRED IN TO EXISTING EMBANKMENT
HERMITAGE GARDEN


LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved. Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
Hermitage Golf Club
TREE REMOVAL REQUIRED TO PROVIDE PROPOSED CYCLE TRACK (TREES SHOWN INDICATIVELY ONLY). AWAITING FURTHER TOPOGRAPHICAL DETAIL.
PROPOSED 3.5m 2-WAY CYCLE TRACK IMMEDIATELY BEHIND EXISTING HERMITAGE GOLF CLUB WALL
EXISTING FOOTWAY RETAINED FOR PEDESTRIANS
APPROXIMATE AREA OF EXISTING TREES
EXISTING BUS LANE TO BE MAINTAINED
PROPOSED STUB WALL + RAILING
EXISTING WALL TO BE LOWERED
N4
PROPOSED TABLE JUNCTION
PROPOSED SCHEME
Tie in to Existing
BALLYOWEN LANE
HERMITAGE WAY
CYCLE QUIETWAY ALONG BALLYOWEN LANE TO HERMITAGE PARK
HERMITAGE ROAD
TYPICAL CROSS SECTION N4 AT HERMITAGE
ADDITIONAL LIGHTNING HEAD ADDED TO EXISTING LIGHTNING COLUMN TO LIGHT THE PROPOSED CYCLE TRACK - SUBJECT TO LIGHTNING DESIGN
EXISTING WALL LOWERED TO PROPOSED CYCLE TRACK
PROPOSED SEE THROUGH BARRIER
LEVEL VARIES
EXISTING WALL
PROPOSED 3.50m TWOWAY CYCLETRACK
2.0m Min EXISTING FOOTPATH
3.5m BUS LANE
3.5m VEHICLE LANE
3.5m VEHICLE LANE
3.5m VEHICLE LANE
3.5m VEHICLE LANE
3.5m VEHICLE LANE
3.0m VEHICLE LANE
3.0m VEHICLE LANE
Varies FOOTWAY






© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
Hermitage Golf Club
EXISTING FOOT AND CYCLE BRIDGE OVER N4 TO BE MAINTAINED
CYCLEWAY TO TIE-IN TO EXISTING BRIDGE AT EXISTING INTERMEDIATE LANDING
TREE REMOVAL REQUIRED TO PROVIDE PROPOSED CYCLE TRACK (TREES SHOWN INDICATIVELY ONLY). AWAITING FURTHER TOPOGRAPHICAL DETAIL.
APPROXIMATE AREA OF EXISTING TREES
Car Park
PROPOSED RETAINING WALL OR REPROFILING SLOPE WITH TREE PLANTING
N4
PROPOSED TABLE JUNCTION
MOUNT ANDREW COURT
MOUNT ANDREW RISE
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
TREE REMOVAL REQUIRED TO PROVIDE PROPOSED CYCLE TRACK (TREES SHOWN INDICATIVELY ONLY). AWAITING FURTHER TOPOGRAPHICAL DETAIL.
N
Car Park
APPROXIMATE AREA OF EXISTING TREES
N4 Junction 2
N4
Saint Loman's Hospital
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
Hospital
Car Park
PROPOSED NEW PEDESTRIAN CROSSING
2
1
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION R113 OFF-SLIP
2.0m FOOTPATH
3.5m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.25m VEHICLE LANE





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.



TYPICAL CROSS SECTION
(OLD) LUCAN ROAD
2.0m
FOOTPATH
5.5m
CARRIAGEWAY
3.0m
2-WAY
CYCLE TRACK
1.8m MIN
FOOTPATH
(VARIABLE)
N
ROAD TO BE TRAFFIC CALMED
AND 30KPH TO BE INSTIGATED
(OLD) LUCAN ROAD
N4
N4 Junction 2
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY
(POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.



LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
PRIVATE ACCESS TO KINGS HOSPITAL
EXISTING STEPS RETAINED
PROPOSED TURNING HEAD
LUCAN ROAD
N4
BOLLARDS
EXISTING FOOTBRIDGE TO BE REMOVED AND REPLACED FURTHER WEST
Dublin
Baile Átha
Cliath
© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.

## MAP 10: Preferred Route






© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.






© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.


## MAP 14: Preferred Route








© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.


## MAP 16: Preferred Route





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
EXISTING BUS LANE TO BE MAINTAINED. PROPOSED REVISED SPEED LIMIT FOR BUS LANE
PROPOSED NEW TOUCAN CROSSING
PROPOSED SCHEME
Tie in to Existing
CHAPELIZOD BYPASS
LUCAN ROAD
EXISTING BUS LANE TO BE MAINTAINED
Nursing Home
Hotel
GLENAULIN
Dublin
Baile Átha
Cliath
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY
(POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE


## MAP 18: Preferred Route







© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
RAMP ARRANGEMENT SUBJECT TO CONSIDERATION OF TREE SURVEY
APPROXIMATE AREA OF EXISTING TREES
CHAPELIZOD HILL ROAD
PEDESTRIAN BARRIERS ADDED TO CENTRAL MEDIAN
URBAN REALM OPPORTUNITIES TO BE DEVELOPED
RAMPS AND STEPS ADDED TO NEW BUS STOPS
LIGHTING TO BE UPGRADED BENEATH BRIDGE
APPROXIMATE AREA OF EXISTING TREES
EXISTING BUS LANE TO BE MAINTAINED. PROPOSED REVISED SPEED LIMIT FOR BUS LANE
EXISTING BUS LANE TO BE MAINTAINED. PROPOSED REVISED SPEED LIMIT FOR BUS LANE
CHAPELIZOD BYPASS
CHAPELIZOD HILL ROAD
Car Park
Car Park
Car Park
Apartments
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved. Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.

© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.





**LEGEND:**


- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING TREE TO BE RETAINED
- EXISTING TREE TO BE REMOVED
- PROPOSED TREES
- EXISTING BOUNDARY
- PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)






© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.


## MAP 24: Preferred Route




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.
EXISTING BUS LANE TO BE MAINTAINED. PROPOSED REVISED SPEED LIMIT FOR BUS LANE
EXISTING BUS LANE TO BE MAINTAINED. PROPOSED REVISED SPEED LIMIT FOR BUS LANE
CHAPELIZOD BYPASS
EXISTING FOOT BRIDGE OVER N4 TO BE MAINTAINED
NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012)
NO LEFT TURN SIGN (RUS 013)
REQUEST BUTTON FOR CYCLE SIGNAL
PROPOSED SCHEME
Tie in to CBC Liffey Valley Scheme
CON COLBERT RD
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)


LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
Burial Place (Site of)
Burial Place (Site of)
Burial Place (Site of)
CON COLBERT RD
RAILWAY
PROPOSED SCHEME
Tie in to CBC Liffey Valley Scheme
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
Ach Amháin Busanna Tacsaithe agus Rothaithe
NO LEFT TURN SIGN (RUS 013)
PROPOSED RIGHT-HAND TURN TO MEMORIAL ROAD
MEMORIAL ROAD
WOODFIELD COTTAGES
© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.



TYPICAL CROSS SECTION CON COLBERT ROAD
2.0m FOOTPATH
1.5m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m VEHICLE LANE
3.0m VEHICLE LANE
ISLAND VARIES
3.0m VEHICLE LANE
3.0m VEHICLE LANE
3.0m BUS LANE
1.5m CYCLE TRACK
1.8m Min FOOTPATH (Variable)




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.

**LEGEND:**

- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING TREE TO BE RETAINED
- EXISTING TREE TO BE REMOVED
- PROPOSED TREES
- EXISTING BOUNDARY
- PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.




**LEGEND:**

- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING TREE TO BE RETAINED
- EXISTING TREE TO BE REMOVED
- PROPOSED TREES
- EXISTING BOUNDARY
- PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.

## MAP 31: Preferred Route




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.


LÁNA
BUS

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

National Transport Authority

Harcourt Lane,
Dun Sceine,
Dublin 2.
D02 WT20

Project Ireland 2040
Building Ireland's Future